- an rialú inmheánach sin a chur i bhfeidhm a dheimhníonn an Roinn lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu más calaois nó earráid is cúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 74(6) den Acht chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste Comhshaoil agus chun tuairiscí a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhu, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainiúim agus measúnaim na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraítear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaois níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochta ghaolmhair.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn, i measc ceisteanna eile, maidir le scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaithnímid i rith m'iniúchta.

An Ráiteas ar rialuithe inmheánacha airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an ráiteas ar rialú inmheánach a chuirtear i láthair sna ráitis siúd, agus ní léirim aon fhoirm de chonclúid dhearbhaite faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cllanna chun an ráiteas ar rialú inmheánach a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis atá ann neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé i rith an iniúchta, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tátal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

Tuairiscí ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más ann do cheisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaim fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbhearta airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím más ann d'aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasáiochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasáiochta.

Ráiteas leis an Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'óibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhu go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seo a leanas an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmiligin agus freagrachta agus, go háirithe:

- Tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha.
- Oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá na treoirínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.
- Comhlíonann an Roinn na treoirínte ábhartha go léir maidir le soláthar agus comhlíonann sé na ciorcláin go léir a bhaineann le húsáid éigeantach a bhaint as creat-chomhaontuithe agus conarthaí.

Iniúchóireacht Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa fhaofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá obair, agus tá pleananna bliantúil iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta nach bhfuil aon nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Signed: Mark Griffin Date: 29 November 2019
Mark Griffin
Secretary General

An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Bonn na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Comhshaoil faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001. Íoctar fáiltas na dtobhach líonadh talún agus na málaí plaisteacha a bhailigh na hÚdaráis Áitiúla agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, faoi seach, isteach sa Chiste Comhshaoil. Cuireann sé na cistí siúd chun feidhme i dtreo gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí comhshaoil.

Is éard atá sa Chiste Comhshaoil dhá cuntais bhainc agus cuntas infheistíochta. Bhainistigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an Ciste Comhshaoil in 2018 agus gearradh na costais riaracháin ghaolmhara ar Vóta 29, Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Ullmhaíodh an cuntas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 i bhfoirm agus ar bhealach a d'fhaomh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Ullmhaíodh an cuntas ar bhonn fabhruithe agus i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos.

2. Beartas Cistithe

Cistítear an Ciste Comhshaoil trí fháiltas a rinne údaráis áitiúla agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a thaisceadh isteach i gcuntas bainc na bhfáltas (cuntas Uimh. 1). Aistrítear an t-iarmhéid sa chuntas bainc seo chuig an gcuntas infheistíochta go rialta. Íoctar suimeanna atá iníoctha ón gCiste Comhshaoil amach ó chuntas bainc na suimeanna iníoctha (cuntas Uimh. 2). Aistrítear na cistí riachtanacha chuig cuntas bainc na suimeanna iníoctha ón gcuntas infheistíochta sula n-íoctar íocaíochtaí amach leis na híocaithe ábhartha.

3. Ioncam

Aithnítear ioncam sa chiste mar seo a leanas:

- Bunaítear tobhaigh chomhshaoil a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún ar thonnáiste na dramhaíola a thugtar chun líonadh talún i saoráidí poiblí agus príobháideacha líonadh talún ar na rátaí a shocraigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.
- Is ionann ioncam ó thobhaigh chomhshaoil agus an tsuim a bailíodh maidir leis an dramhaíl a tugadh chun líonadh talún sa tréimhse ó Eanáir go Nollaig.
- Gearrtar ús ar íocaíochtaí déanacha ar 0.0322% sa lá faoi Alt 13(e) den Acht Comhshaoil (Forálacha Ighnéitheacha), 2011. Tá mainneachtain agus íocaíochtaí déanacha ag oibreoirí príobháideacha faoi dhliteanas ús a íoc agus tá siad inghnóthaithe ag údaráis áitiúla mar fhiachas conartha trí na cúirteanna.
- Is féidir le húdaráis áitiúla a mhéid le 2% (€50,000 sa bhliain, ar a mhéid) a asbhaint agus a choimeád ó thobhaigh atá iníoctha maidir le saoráidí líonadh talún atá á n-oibriú go príobháideach agus 80% ó thobhaigh atá iníoctha maidir le saoráidí neamhúdaraithe líonadh talún chun íoc as costais a thaibhíonn siad maidir le bailiúchán agus forfheidhmiú.
- Is é an tobhach comhshaoil a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha an tsuim a bhailigh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i gcomhréir leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach), 2001 (I.R. Uimh. 605/2001) arna leasú ag na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) (Leasú) (Uimh. 2), 2007 (I.R. Uimh. 167/2007).
- Aithnítear fáiltas ó infheistíochtaí ar bhonn fabhruithe.

4. Caiteachas

Aithnítear caiteachas ón gCiste Comhshaoil i ndiaidh gur fhaomh an tAire leithdháiltí buiséid in 2018 i gcomhréir le hAlt 74(9) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 ina sonraítear na cuspóirí ar féidir íocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste Comhshaoil dóibh agus ar an mbonn seo a leanas maidir leis na limistéir seo:

- Éilíonn comhlachtaí faofa, ar nós na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta leithdháiltí buiséadaithe ranníocaíochta taighde agus forbartha, riaracháin, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Seolann údaráis áitiúla agus eagraíochtaí eile éilimh ar aghaidh a shásaíonn coinníollacha na scéimeanna faofa.
- Seolann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta éilimh, i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe seirbhíse, do thionscadail bhuiséadaithe oidhreachta thógtha agus nádúrtha.
- Faightear earraí agus seirbhísí.

Aisíoctar costais bhailithe a thaibhígh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis an tobhach comhshaoil a bhailiú a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha a sholáthar ón gCiste Comhshaoil faoi mar a comhaontaíodh faoi chomhaontú oibre agus seirbhísí le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	<u>Nótaí</u>	2018 €	2017 €
<u>Ioncam</u>			
An tobhach comhshaoil a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún	1	18,610,959	37,106,281
An tobhach comhshaoil a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha	2	6,469,713	7,280,045
Ús ar infheistíochtaí	3	21,177	21,286
Ioncam Iomlán		<u>25,101,849</u>	<u>44,407,612</u>
<u>Caiteachas</u>			
Costais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil	4	4,600,000	4,900,000
Tionscnaimh forfheidhmithe	5	10,993,911	9,651,419
Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	6	5,477,486	5,471,028
Tionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha	7	4,356,801	3,924,711
Cláir um chosc ar dhramhaíl agus forbartha margaidh náisiúnta	8	2,524,531	2,898,695
An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil	9	2,029,000	2,005,000
Feasacht ar an gcomhshaoil	10	1,922,784	1,671,445
Dúnadh agus iarchúram líonadh talún	11	1,953,259	-
Tionscnaimh in aghaidh an bhruscair	12	1,301,437	1,290,813
Pleanáil bainistíochta dramhaíola réigiúnach	13	562,954	400,000
Costais bhailithe an tobhaigh chomhshaoil	14	397,077	397,548
Rialú truailithe aeráide / aeir	15	494,696	523,669
Eile	16	350,845	275,985
Caiteachas Iomlán	17	<u>36,964,781</u>	<u>33,410,313</u>
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		<u>(11,862,932)</u>	<u>10,997,299</u>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 7 agus 8 agus Nótaí 1 go 23 mar chuid den Chuntas seo.

Signed: 
Mark Griffin
Secretary General

Date: 29 November 2019

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

	<u>Nótaí</u>	2018 €	2017 €
<u>Sócmhainní Airgeadais</u>			
Infheistíochtaí	18	29,736,854	40,051,030
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
An tobhach a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún	19	1,764,093	1,686,594
An tobhach a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha	20	1,807,909	2,219,189
Banc	21	100,022	103,011
		<u>3,672,024</u>	<u>4,008,794</u>
<u>Dlíteanais Reatha</u>			
	22		
Costais oidhreachta tógtha agus nádúrtha		1,353,743	256,413
Suibscríbhinní le heagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta		155,680	-
Creidiúnaithe ilghnéitheacha		-	17,089
Cáilíocht an aeir agus athrú aeráide		24,917	39,658
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla agus cáin bhreisluacha		-	9,194
		<u>1,534,340</u>	<u>322,354</u>
Glansócmhainní Reatha		2,137,684	3,686,440
Glansócmhainní		<u>31,874,538</u>	<u>43,737,470</u>
Arna léiriú ag			
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir (Easnamh) / barrachas don bhliain		43,737,470 (11,862,932)	32,740,171 10,997,299
		<u>31,874,538</u>	<u>43,737,470</u>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 7 agus 8 agus Nótaí 1 go 23 mar chuid den Chuntas seo.

Signed:  Date: 29 November 2019

Mark Griffin
Secretary General

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	2018 €	2017 €
Réiteach an easnamh ar ghlan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
(Easnamh) / barrachas don bhliain	(11,862,932)	10,997,299
Ús éarlaise a tuilleadh	(21,177)	(21,286)
(Méadú) / laghdú ar thobhaigh atá dlite agus fiachas ó Vóta	333,781	5,526,016
Méadú / (laghdú) ar chostais fhabhráithe	1,211,986	(531,667)
(Glan-eis-sreabhadh) / glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>(10,338,342)</u>	<u>15,970,362</u>
Ráiteas ar shreabhadh airgid		
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(10,338,342)	15,970,362
Toradh ar infheistíochtaí agus airgeadas a sheirbhísiú		
Ús a tuilleadh	21,177	21,286
	<u>(10,317,165)</u>	<u>15,991,648</u>
Réiteach glansreafaí airgid le gluaiseacht ar ghlanchistí		
Athruithe ar ghlanchistí mar thoradh ó shreafaí airgid		
Glanchistí ag tús na bliana	40,154,041	24,162,393
Glanchistí ag deireadh na bliana	29,836,876	40,154,041
Méadú / (laghdú) ar airgead sa bhliain	<u>(10,317,165)</u>	<u>15,991,648</u>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 7 agus 8 agus Nótaí 1 go 23 mar chuid den Chuntas seo.

Signed: 
Mark Griffin
Secretary General

Date: 29 November 2019

Nótaí leis na Cuntais

1. An tobhach comhshaoil a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún (€18,603,852)

Seo an tobhach comhshaoil a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún atá infhaighte ó údaráis áitiúla, glan ar aon suimeanna a choimeádann siad faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonadh Talún), 2011. Tugtar an achoimre seo a leanas air seo:

	2018	2017
	€	€
Líonadh Talún a Oibrítear go Príobháideach		
An tobhach a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún	10,063,177	29,035,301
Ús maidir le híocaíochtaí déanacha	7,081	6,016
Costais riaracháin údaráis áitiúil	(150,000)	(150,000)
	<u>9,920,258</u>	<u>28,891,317</u>
Líonadh Talún a Oibríonn Údarás Áitiúil		
An tobhach a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún	8,690,532	8,212,904
Ús maidir le híocaíochtaí déanacha	34	-
	<u>8,690,566</u>	<u>8,212,904</u>
Líonadh Talún Neamhúdaraithe		
An tobhach a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún	675	10,780
Costais riaracháin údaráis áitiúil	(540)	(8,720)
	<u>135</u>	<u>2,060</u>
	<u>18,610,959</u>	<u>37,106,281</u>

2. An tobhach comhshaoil a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha (€6,469,713)

Seo an tobhach comhshaoil a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha, atá infhaighte ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, maidir le hioncam a bailíodh trí mhálaí plaisteacha a dhíol.

3. Ús ar infheistíochtaí (€21,177)

Seo ús a tuilleadh ar fháltais an tobaigh líonadh talún agus mhálaí plaisteacha a infheistiú sa Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

4. Costais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Seo ranníocaíocht i dtreo na gcostas a thaibhígh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC) maidir le costais riaracháin.

	2018	2017
	€	€
Costais riaracháin	4,600,000	4,900,000

Cistítear costais an GCC ó roinnt foinsí, an Ciste Comhshaoil, deontais Státchiste agus ioncam a thuill an GCC ina measc. In 2018, cuireadh €35.3 milliún ar fáil ó Vóta 29 – Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil (Fothéideal F3: 2017: €34.02 milliún) agus taibhíodh €863,973 de maidir le costais riaracháin an GCC (2017: €2.12 milliún).

5. Tionscnaimh forfheidhmithe

Cuireadh cistiú forfheidhmithe €10.994 milliún ar fáil ón gCiste Comhshaoil in 2018 chun tacú leis an méid seo a leanas:

- Earcaíocht agus fostaíocht leanúnach líonra oifigigh forfheidhmiúcháin dramhaíola údarás áitiúil faoin Scéim Bearta Forfheidhmithe Údaráis Áitiúil - €7.348 milliún (€7.228 milliún in 2017).
- Obair na bPríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (PÚÁRFDanna) - €0.942 milliún (€0.88 milliún in 2017).

Áirítear le cistiú forfheidhmithe eile in 2018 tacaíocht do ghníomhartha forfheidhmiúcháin dramhaíola údaráis áitiúla aonair in aghaidh oibreoirí dramhaíola neamhdhleathacha amhrasta agus tacaíocht don GCC chun rialacháin nua dramhbhonn a fhorfheidhmiú. (2018: €0.825 milliún, 2017: €0.287 milliún).

Áirítear leis an bhfothéideal seo, chomh maith, €1.879 milliún de chaiteachas a taibhíodh in 2018 a bhaineann leis na tionscnaimh frithdhumpála (€1.257 milliún in 2017).

6. Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Léirítear san fhíor seo ranníocaíochtaí náisiúnta éigeantacha agus saorálacha na hÉireann le heagraíochtaí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil. Tugtar an achoimre seo a leanas orthu seo:

	2018	2017
	€	€
Eagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta	4,225,718	4,238,714
Beartas radaíochta comhshaoil	1,251,768	1,232,314
	<u>5,477,486</u>	<u>5,471,028</u>

7. Tionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha

Baineann an caiteachas seo le costais a thaibhig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (an RCOG) ar thionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha a aisíoc. Dheimhnigh an RCOG na costais seo amhail bheith i gcomhréir leis an reachtaíocht faoina mbunaítear an Ciste Comhshaoil.

	2018	2017
	€	€
Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra		
Cúiteamh móna	3,770,258	2,305,500
Cosaint suímh	377,456	157,389
Cosaint speiceas	11,571	149,057
Córais agus faisnéisíocht chaomhnaithe	197,516	-
Beartas agus pleanáil oidhreachta	-	748,000
Bithéagsúlacht agus cosaint na bithéagsúlachta	-	462,726
Páirc Náisiúnta Chill Airne	-	47,001
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha	-	7,306
Portaigh	-	4,019
Bailte Slachtmhara	-	43,713
	<u>4,356,801</u>	<u>3,924,711</u>

8. Clár um chosc ar dhramhaíl agus forbartha margaidh náisiúnta

Tugtar an achoimre seo a leanas ar chaiteachas faoin bhfotheideal seo:

	2018	2017
	€	€
Clár náisiúnta um chosc ar dhramhaíl	2,374,531	2,637,129
Straitéis náisiúnta ar dhramhaíl in-bhithmhíllte	150,000	200,000
Íoc de réir meáchain a chur i bhfeidhm ag saoráidí conláiste chathartha	-	61,566
	<u>2,524,531</u>	<u>2,898,695</u>

9. An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil

Tacaíonn an cistiú seo le gníomhaíochtaí laistigh den Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil (an OFCC), líonrú agus abhcóideacht ina measc. Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le forfheidhmiú leanúnach reachtaíocht chomhshaoil an AE agus náisiúnta.

10. Feasacht ar an gComhshaoil

Léiríonn an fíor seo caiteachas ar fheasacht chomhshaoil a mhúscailt agus tógáil cumais Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil (ENGO). Tugtar an achoimre seo a leanas air seo:

	2018	2017
	€	€
Líonra comhshaoil na hÉireann (EENGO) croíchistiú / cumais agus cistiú tionscadail	1,060,000	860,000
Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil Chlár 21 Áitiúil	442,145	441,815
Cúnamh deontais		
Scoileanna Glasa	200,000	200,000
Seirbhís Dhigiteach na Seirbhíse Eolais Comhshaoil	20,000	20,000
Dámhachtainí comhshaoil na n-óg	40,000	10,000
Biúró comhshaoil na hEorpa	10,000	10,000
Dámhachtainí Glasa	7,500	7,500
Grúpa oiliúna seirbhísí comhshaoil	100,000	100,000
Feasacht Aarhus	21,492	16,295
Clár GLOBE an Taisce	4,000	-
Eolaíocht agus teicneolaíocht i ngníomh	2,000	-
Lá an bhithgheilleagair	10,000	-
Fógraíocht	5,647	5,835
	<u>1,922,784</u>	<u>1,671,445</u>

11. Dúnadh agus iarchúram líonadh talún

Tacaíonn an cistiú seo le húdarais áitiúla le hobair a bhaineann le láithreáin líonadh talún a dhúnadh agus na costais ghaolmhara iarchúram. Ní bhaineann an caiteachas seo ach le láithreán amháin, Cill Chonaill i nGaillimh agus caiteachas ar leith é ón gclár feabhsúcháin líonadh talún atá cistithe ag an Vóta a bunaíodh chun tacú le clár oibreacha chun láithreáin líonadh talún a fheabhsú a shaináithnítear sna pleananna bainistíochta réigiúnacha 2015-2021.

	2018	2017
	€	€
Comhairle Contae na Gaillimhe - Líonadh Talún Cill Chonaill	1,953,259	-

12. Tionscnaimh in aghaidh an bhruscair

Léirítear san fhíor seo caiteachas ar réimse tionscnamh, an méid seo a leanas ina measc:

	2018	2017
	€	€
Deontais feasachta údarais áitiúil in aghaidh an bhruscair	998,570	979,871
Glantachán náisiúnta an earraigh	224,869	223,177
Córas monatóireachta truailithe náisiúnta ar thruailliú ó bhruscar	39,258	47,765
Conradh Náisiúnta Ghnólachtaí na hÉireannach in aghaidh Bruscair	38,740	40,000
	<u>1,301,437</u>	<u>1,290,813</u>

13. Pleanáil bainistíochta dramhaíola réigiúnach

Léirítear san fhíor seo íocaíochtaí a rinneadh in 2018 chun tacú le trí phríomhúdarás réigiúnacha pleanála bainistíochta dramhaíola, a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhordú agus cur i bhfeidhm na dtrí Phlean Bainistíochta Dramhaíola, 2015-2021, a foilsíodh i mBealtaine 2015, agus chun tacú le bailiúcháin aon lae de dhramhaíl ghuaiseach ó shealbhóirí tí.

	2018	2017
	€	€
Deontas d'oifigí pleanála bainistíochta dramhaíola réigiúnacha	300,000	300,000
Bailiúcháin dramhaíola guaisí aon lae	262,954	100,000
	562,954	400,000

14. Costais bhailithe an tobhaigh chomhshaoil

Léirítear san fhíor seo an táille sheirbhíse bhliantúil ar comhaontaíodh air le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun an tobhach comhshaoil a oibriú a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha a sholáthar.

15. Rialú truaillithe aeráide / aeir

Léirítear san fhíor seo caiteachas a taibhíodh chun beartas um athrú aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, anuas ar chistiú i dtreo bearta atá dírithe ar thruailliú torainn / aeir a laghdú. Tugtar an achoimre seo a leanas air seo:

	2018	2017
	€	€
Athrú aeráide	341,159	256,981
Rialú truailliú aeir / torainn	153,537	266,688
	494,696	523,669

16. Eile

Léirítear san fhíor seo caiteachas ar thionscnaimh éagsúla eile a dtugtar an achoimre seo a leanas orthu:

	2018	2017
	€	€
Cosc ar dhramhaíl	122,153	-
Athbhrandáil aonfhoirmeach a dhéanamh ar ionaid fóntas poiblí agus ionaid fág anseo	5,000	110,000
An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta	93,201	87,010
Inbhuanaitheacht idirnáisiúnta chomhshaoil	103,059	62,096
Tionscnaimh freagrachta táirgeoirí	7,500	14,500
Sábháilteacht núicléach	16,533	-
Táillí bainc	3,399	2,379
	350,845	275,985

17. Caiteachas Iomlán

Is féidir an achoimre seo a leanas a thabhairt ar chaiteachas iomlán ón gCiste Comhshaoil:

	2018	2017
	€	€
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	9,157,765	9,558,494
Clár agus tionscnaimh údaráis áitiúil	15,276,944	11,985,582
Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	5,477,486	5,471,028
Tionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha	4,356,801	3,924,711
Eile	2,695,785	2,470,498
	<u>36,964,781</u>	<u>33,410,313</u>

18. Infheistíochtaí

Coimeádtar na cistí thíos i gcuntas infheistíochta leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

	2018	2017
	€	€
Infheistíochtaí	29,736,854	40,051,030

19. An tobhach comhshaoil a ghearrtar ar dhramhaíl a thabhairt chun líonadh talún

Ba iad seo a leanas na suimeanna a bhí le híoc leis an gCiste Comhshaoil ag údaráis áitiúla an 31 Nollaig:

	2018	2017
	€	€
Tobhach ar líonadh talún a oibrítear go príobháideach	961,726	1,172,166
Ús maidir le híocaíochtaí déanacha	6,126	9,193
	<u>967,852</u>	<u>1,181,359</u>
Tobhach a ghearrtar ar líonadh talún a oibríonn údarás áitiúil	796,208	503,235
Ús maidir le híocaíochtaí déanacha	33	-
	<u>796,241</u>	<u>503,235</u>
Tobhach ar líonadh talún neamhúdaraithe	-	2,000
	<u>1,764,093</u>	<u>1,686,594</u>

20. An tobhach comhshaoil a ghearrtar ar mhálaí plaisteacha

Seo glandliteanas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim leis an gCiste Comhshaoil an 31 Nollaig.

	2018	2017
	€	€
Ioncam ón tobhach ar mhálaí plaisteacha atá dlite	1,807,909	2,219,189

Dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach achomharc i Meitheamh 2019 a rinne slabhra mór ollmhargaí a bhain le measúnuithe cánach ar luach €36.5 milliún a bhain le tobhaigh nár bailíodh ar mhálaí plaisteacha áirithe i rith tréimhse ceithre bliana idir 2004 agus 2008. Tá na cumhachtaí ag na Coimisinéirí Ioncaim chun an tobhach a aisghabháil ach níor deimhníodh uainiú agus an luach cruinn go fóill, áfach. Is ionann an réiteach deiridh ag dliteanas suntasach a bheidh le hÍoc leis an gCiste Comhshaoil.

21. Banc

Is ionann seo agus an t-iarmhéid i gcuntais bhainc an Chiste Comhshaoil (Uimh. 1 Cuntas Fáltas agus Uimh. 2 Cuntas na nÍocaíochtaí) an 31 Nollaig.

	2018	2017
	€	€
An t-iarmhéid i gcuntas na bhfáltas	99,982	100,000
An t-iarmhéid i gcuntas na n-íocaíochtaí	40	3,011
	<u>100,022</u>	<u>103,011</u>

22. Dlíteanais Reatha

Ba iad seo a leanas na costais fhabhráithe an 31 Nollaig:

	2018	2017
	€	€
Tionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	1,353,743	256,413
Suibscríbhinní le heagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta	155,680	-
Costais sainchomhairleoireachta a bhain leis an gcóras monatóireachta náisiúnta ar thruailliú ó bhruscar	-	7,852
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla agus cáin bhreisluacha	-	9,194
Costais a bhaineann le cáilíocht an aeir agus athrú aeráide	24,917	39,658
Creidiúnaithe ilghnéitheacha	-	9,237
	<u>1,534,340</u>	<u>322,354</u>

23. Ceangaltais

Ba iad seo a leanas na ceangaltais an 31 Nollaig:

	2018	2017
	€	€
Tionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	599,397	581,345